sábháilteacht **dóiteáin**

*Bí ar d'aire*




# NÁ TABHAIR SEANS AR BITH DO DHÓITEÁN CHOÍCHE!

ATHSHLÁNÚ ▸ BAOL ▸ MAOLÚ ▸ PLEANÁIL ▸ FREAGRA ▸

SNBDÉ

Clár bunscoile arna thabhairt duit ag Seirbhísí Dóiteáin na hÉireann agus ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála

# HAiGH!

Is mise Rua, an Madra Dóiteáin, agus oibrím sa **Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála** (SNBDÉ). Cabhraímid leis na comhraiceoirí dóiteáin thar a bheith cróga ar fud na tíre chun sibhse agus bhur dteaghlaigh a choinneáil slán!

Tá cuairt á tabhairt agam ar bhunscoileanna ó bhí na 1980idí ann. B'fhéidir go gcuimhneoidh do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí ar an gcuairt a thug mé ar a scoil nuair a bhí siad níos óige. Cuir ceist orthu.

Is é an post atá agam ná tú féin a chur ar an eolas maidir le cén fáth a bhfuil sábháilteacht dóiteáin i do theach chomh tábhachtach sin agus tú a choinneáil slán ó dhóiteáin cibé áit a bhfuil tú!




Nuair atá eolas maith agat ar shábháilteacht dóiteáin, coinníonn sé do theaghlach agus do chairde slán.

Taobh istigh gheobhaidh tú comhairle sábháilteachta dóiteáin agus beidh píosa spraoi againn freisin.

Ag an deireadh, beidh tú in ann mo thráth na gceist a dhéanamh agus ballraíocht dheimhnithe a ghlacadh san Fhoireann Sábháilteachta Dóiteáin!

Tosaímis agus foghlaimímis uile conas

**Seans ar bith a thabhairt do Dhóiteán Choíche!**

**BHUF BHUF!!**

# SEO Í CHANEL




Dia duit, Chanel is ainm dom. Is Oifigeach Dóiteáin mé le Seirbhís Dóiteáin Chill Dara ó bhí 2001 ann. Is Innealtóir mé agus is mise an ceannasaí ar an Rannóg Sábháilteachta Dóiteáin. Is Leas-Phríomhoifigeach Sinsearach Dóiteáin mé. Is éard atá i gceist le mo phost ná measúnuithe teicniúla ar fhoirgnimh, sula dtógtar iad agus ina dhiaidh, chun a chinntiú go bhfuil na foirgnimh sábháilte do na daoine a mbaineann úsáid astu. Má théann foirgneamh trí thine, cinntíonn mo chuid oibre gur féidir leis na comhraiceoirí dóiteáin déileáil leis an tine sin go sábháilte chomh luath agus is féidir.

Táim i gceannas ar chlár Sábháilteachta Dóiteáin Pobail Chontae Chill Dara freisin, lena n-áirítear Clár na mBunscoileanna a sheachadadh, cainteanna ar shábháilteacht dóiteáin, faisnéis phoiblí ar shábháilteacht dóiteáin etc. Cabhraím le baill den phobal maidir le ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu, agus tá agallaimh raidió, teilifíse agus nuachtáin déanta agam chun sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn.

## An fáth go bhfuil a croí istigh ina post ag Chanel:

Tá mo chroí istigh i mo phost toisc nach mar a chéile aon dá lá. A bhuí le mo chuid oibre, bíonn deis agam idirghníomhú le baill den phobal, bíodh sé tríd an ngné innealtóireachta nó tríd an ngné sábháilteachta dóiteáin pobail de mo chuid oibre. Is maith liom a mhothú go bhfuil foirgneamh nó duine níos sábháilte mar thoradh ar ár gcuid rannpháirtíochta.

## Rudaí iontacha atá déanta ag Chanel:

Bhí mé páirteach sa tionscnamh Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin, Bóthair agus Uisce 'Déardaoin Ómra', a bhuaigh Gradam Airgid ag Gradaim Pobail agus Comhairle Uile-Éireann in 2021. Ba mise an t-aon chailín amháin i mo scoil a rinne innealtóireacht don Ardteistiméireacht, agus bhuaigh mé gradam do thionscadal na bliana deireanaí is fearr i mo chéim innealtóireachta, a bhain mé amach in ollscoil in Dún Éideann, Albain.

## An fáth ar roghnaigh mé a bheith i m'Oifigeach Dóiteáin:

Roghnaigh mé le bheith i m'Oifigeach Dóiteáin toisc gur thaitin an éagsúlacht a bhaineann leis an bpost liom. Ní cúrsaí innealtóireachta agus teicniúla atá i gceist leis i gcónaí! Bíonn deis agam bualadh le go leor daoine éagsúla agus mo chuid eolais a roinnt leo. Oibrím le foireann iontach, agus déanaimid iarracht ár gContae a dhéanamh níos sábháilte tríd an obair a dhéanaimid.

## Maidir le Chanel lasmuigh den obair:

Is maith liom dul ar shiúlóidí fada le mo mhadra Sidney agus me féin a choimeád láidir le ranganna Pilates. Canaim i mo chór pobail áitiúil. Táim pósta agus tá beirt iníonacha agam. Is maith liom féachaint ar mo chailíní ag dul san iomaíocht i lúthchleasaíocht, i bpeil Ghaelach agus i gcamógaíocht lenár gclubanna áitiúla.

## Fíric fhánach:

Rinne mé spéirthumadh ó 15,000 troigh os cionn na Mórsceire Bacainní san Astráil.

## Leid Sábháilteachta ó Chanel:

Bí i do 'Thástálaí Aláram Deataigh' do do theaghlach!

Bíodh seo mar chuid de do chuid oibre tí seachtainiúla agus ná déan dearmad baill teaghlaigh eile a chur san áireamh.

# SEO É DOMNICK

Tá breis is 27 mbliana de sheirbhís ag Domnick sa Bhriogáid Dóiteáin. Cinntíonn sé go mbíonn an t-inneall dóiteáin réidh do gach cineál éigeandála. Chomh maith leis sin, cinntíonn sé go bhfuil a gcuid éadaí réidh ag na criúnna le haghaidh glaonna. Eagraíonn sé cuairteanna pobail ar scoileanna agus ar naíolanna chun sábháilteacht dóiteáin a mhíniú do na páistí. Tugann na scoileanna cuairt ar an stáisiún dóiteáin ó am go chéile freisin.

### An fáth go bhfuil a chroí istigh ina phost ag Domnick:

Is maith le Domnick déileáil le héigeandálaí chun cabhrú le daoine. Is aoibhinn leis bualadh le daoine de gach aois agus cabhrú leo le héigeandálaí éagsúla. Is maith leis déileáil le cineálacha éagsúla éigeandálaí ó tharrtháil ainmhithe, go daoine a ghlasáil iad féin amach as a dtithe agus daoine a tharrtháil ó dhóiteáin ina dtithe. Is maith leis sábháilteacht na ndaoine a bhainistiú.



### Rudaí iontacha atá déanta ag Domnick:

Ceann de na rudaí a chabhraíonn comhraiceoirí dóiteáin leis ná gluaisteáin a ghearradh suas chun cabhrú le daoine teacht amach go sábháilte. Cuimsítear daoine a tharrtháil ó aibhneacha, na scileanna atá foghlamtha aige a roinnt agus an chaoi le trealamh a úsáid a mhúineadh do chomhraiceoirí dóiteáin eile i measc na rudaí atá déanta aige. Chomh maith leis sin, cinntíonn sé go bhfuil seandaoine sa phobal sábháilte trína n-aláraim deataigh a sheiceáil agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le sábháilteacht ó dhóiteáin.

### An fáth ar roghnaigh mé a bheith i mo Chomhraiceoir Dóiteáin:

Oibriú i bhfoireann le chéile, cabhrú le daoine, neart scileanna nua a fhoghlaim, bualadh le daoine nua gach lá. Bíonn gach lá ina dhúshlán difriúil agus is iontach an rud é oibriú le Comhraiceoirí Dóiteáin eile agus foghlaim uathu. Bíonn sásamh ag baint le freagracht a ghlacadh as an inneall dóiteáin agus mé á thiomáint.

### Maidir le Domnick lasmuigh den obair:

Taitníonn an iascaireacht, an léitheoireacht, an rothaíocht, an tsiúlóireacht agus an chadhcáil le Domnick.

### Fíric fhánach:

Bhí Domnick san arm ar feadh beagnach 8 mbliana sular chuaigh sé isteach sa bhriogáid dóiteáin. Tá 2 chrios dubh aige in ealaíona comhraic éagsúla.

### Leid Sábháilteachta ó Domnick:

Ná fág do ghuthán, do thaibléad nó d'IPAD á luchtú ar do leaba choíche.

Ná luchtaigh do rothar leictreach ná do scútar leictreach laistigh más féidir.

# SEO Í LIZ



Is comhraiceoir dóiteáin agus paraimhíochaineoir cróga í Liz atá ag cabhrú lenár bpobal a choinneáil slán le breis agus 20 bliain anuas! Cinntíonn sí go bhfuil sí réidh le léim ar an inneall dóiteáin a luaithe is a bhuaileann na cloig. Múchann sí tinte, sábhálann sí beatha, agus taispeánann sí dúinn conas fanacht sábháilte. Téann sí chuig scoileanna chun a mhíniú do na páistí go léir conas fanacht sábháilte sa bhaile. Tá a fhios aici conas uirlisí speisialta a úsáid agus cinntíonn sí go bhfuil sí réidh chun cabhrú le daoine atá i mbaol.

## An fáth go bhfuil a croí istigh ina post ag Liz:

Is breá le Liz a post toisc go dtaitníonn sé léi cabhrú le daoine agus daoine a choinneáil slán i gcás tine nó timpistí bóthair. Comh maith leis sin, is breá léi bualadh leis na páistí go léir agus rudaí a fhoghlaim uathu ar nós a bplean éalaithe dóiteáin sa bhaile agus conas a chabhróidh siad le siblíní níos óige agus a chinntiú go bhfuil a gcuid peataí sábháilte. Is maith léi cabhrú le daoine agus cuireann sé sin áthas uirthi.

## Rudaí iontacha atá déanta ag Liz:

Bhuaigh Liz an tua airgid nuair a cháiligh sí mar Earcach Dóiteáin (Is é an tua airgid an gradam don earcach is fearr sa rang). Bhí sí an-bhródúil as an gradam seo a bhuachan. Tharraing Liz capall ó chanáil, agus bhí an t-eispéireas seo an-tairbheach di. Bhí eagla ar an gcapall agus bhí sí fuar agus b'éigean di píosa speisialta trealaimh a úsáid chun í a fháil amach. Bhí Liz an-sásta gur shábháil sí í, agus tugadh an capall agus a searrach ar ais le chéile an athuair.

## An fáth ar roghnaigh mé a bheith i mo Chomhraiceoir Dóiteáin:

Roghnaigh mé bheith i mo Chomhraiceoir Dóiteáin toisc gur theastaigh uaim cabhrú le daoine. Bhíodh tráth ann inar cheap nach bhféadfadh ach buachaillí a bheith ina gComraiceoirí Dóiteáin ach ansin chonaic mé Bean Dóiteáin agus dúirt mé gur mhaith liomsa é sin a dhéanamh freisin!! Tá an post iontach difriúil ó lá go lá, is féidir liom a bheith ag múchadh tinte, ag gearradh suas gluaisteáin ag timpistí bóthair, ag tarrtháil capaill nó ag tabhairt cuairte ar scoileanna, ní éirím tuirseach de riamh!!

## Maidir le Liz lasmuigh den obair:

Is maith le Liz a bheith ag snámh, ag rothaíocht agus ag rith - déanann sí Trí-atlain. Is breá léi a bheith ag súgradh lena cait, Panda, go leor leabhar a léamh agus trí-atlain a dhéanamh.

## Fíric fhánach:

Ní thaitníonn airde go ró-mhór liom!! Bíonn imní orm agus mé ag dreapadh suas go barr dréimire an-ard, ach caithfidh mé mo chuid oibre a dhéanamh, mar sin tugann sé sin an misneach dom dreapadh suas go hard!! Rinne Liz Trí-atlan Ironman, snámh 3.8 chiliméadar, 180 ciliméadar ar rothar agus rith 42.2 chiliméadar.

## Leid Sábháilteachta ó Liz:

Labhair le do thuismitheoirí nó le do chaomhnóirí faoi phlean éalaithe duit féin, dóibhsean agus, más ann dóibh, do shiblíní agus do pheataí.

Tástáil d'aláram deataigh uair amháin gach seachtain.

# SEO É NEAL

Tá ár bpobail á choinneáil slán ag Neal agus é ag obair sa tseirbhís dóiteáin le breis agus 25 bliain anuas. Bhí Neal ina gharda tarrthála nuair a bhí sé ina dhéagóir, ansin ina chomhraiceoir dóiteáin agus anois is oifigeach dóiteáin é atá i gceannas ar stáisiúin dóiteáin. Díríonn a phost ar a chinntiú go bhfuil na huirlisí cearta, na hinnill dóiteáin agus an oiliúint mhaith ag comhraiceoirí dóiteáin ionas gur féidir leo dóiteáin a mhúchadh, daoine a tharrtháil agus a mhúineadh dúinn conas a bheith sábháilte ó thaobh dóiteáin de.

## An fáth go bhfuil a chroí istigh ina phost ag Neal:

Is breá le Neal a chinntiú go bhfuil comhraiceoirí dóiteáin sábháilte agus in ann a gcuid scileanna iontacha agus a misneach a chur chun feidhme chun cabhrú le daoine agus iad i gcruachás. Bainim sásamh as cuimse le bheith i mo bhall d'fhoireann atá in ann na rudaí seo a dhéanamh. Cuid thábhachtach eile de phost Neal ná eolas a chur ar an gcaoi a dtarlaíonn tinte agus a mhúineadh do dhaoine conas a bheith sábháilte ó dhóiteán.



## Rudaí iontacha atá déanta ag Neal:

Nuair a bhí Neal ina chomhraiceoir dóiteáin, tharrtháil sé peata nathair mhór bhuí ó thine uair amháin. Bhí eagla ar an nathair (agus ar Neal) ach tháinig sí slán. Athainmníodh an nathair mar Smoky!

## An fáth ar roghnaigh mé a bheith i mo Chomhraiceoir Dóiteáin:

Roghnaigh Neal le bheith ina chomhraiceoir dóiteáin toisc gur theastaigh uaidh cabhrú le daoine agus difríocht mhór a dhéanamh ina phobal. Is post iontach é toisc go bhfaigheann tú deis a bheith mar chuid d'fhoireann iontach, bíonn rudaí nua á bhfoghlaim agat i rith an ama agus caithfidh tú freagairt go tapa nuair a ghlaonn duine ag lorg cabhrach. Baineann taitneamh le rudaí a fhoghlaim amhail conas innill dóiteáin a thiomáint, dóiteáin a mhúchadh agus uirlisí cumhachtacha a úsáid, ach is é an rud is fearr ná dul ar ais ar scoil chun sábháilteacht ó dhóiteáin a mhúineadh do pháistí.

## Maidir le Neal lasmuigh den obair:

Is maith le Neal dul ag campáil, ag dreapadh sléibhte agus ag snámh. Tá sé tábhachtach d'oifigeach dóiteáin fanacht aclaí agus láidir ionas gur féidir leo a mhúineadh do chomhraiceoirí dóiteáin conas a gcuid oibre a chur i gcrích go sármhaith.

## Fíric fhánach:


Chuaigh Neal chun féachaint ar na Cluichí Oilimpeacha i bPáras anuraidh agus ba é póló uisce an spórt ab ansa leis féachaint air!

## Leid Sábháilteachta ó Neal:

Déan cinnte go bhfuil an plean éalaithe ar eolas agatsa agus ag gach duine i do theaghlach.

Éist go cúramach leis na comhraiceoirí dóiteáin a thagann chuig do rang agus ná déan dearmad ceisteanna a chur orthu, tá scéalta maithe le hinsint acu.

Bí sábháilte ó dhóiteán i do theach i gcónaí.




# CÉARD A D'FHOGHLAIM TÚ?

**1. Cén ról atá ag Liz?**

a. Comhraiceoir Dóiteáin
b. Paraimhíochaineoir
c. An dá cheann

**2. Sa tSeirbhís Dóiteáin, an bhfuil...?**

a. Poist ann do chomhraiceoirí dóiteáin amháin
b. Poist ann d'oifigigh dóiteáin amháin
c. Poist ann don bheirt acu

**3. An oibríonn tú...?**

a. Leat féin
b. Mar chuid d'Fhoireann

**4. Cad é an chéad leid sábháilteachta dóiteáin atá ag Neal?**

a. Tástáil d'aláram deataigh
b. Ná fág do ghuthán ag luchtú ar do leaba
c. Bí cinnte go bhfuil an plean éalaithe ar eolas agatsa agus ag gach duine i do theaghlach

**5. An mbíonn sé ina chabhair duitse rudaí a dhéanamh lasmuigh den obair?**

a. Tú féin a choimeád aclaí agus láidir
b. Spraoi a choinneáil i do shaol
c. Do scileanna idirphearsanta a fheabhsú
d. Gach ceann thuas

**6. An bhfuil an post...?**

a. Spreagúil
b. Tairbheach
c. Tábhachtach
d. Gach ceann thuas



# COSC DÓITEÁIN

Chun **cosc** a chur ar thine tosú, ní mór dúinn na nithe seo a leanas a **sheachaint:**

- ✗ Coinnle ar lasadh a fhágáil gan aon duine ina mbun
- ✗ A bheith neamh-aireach le cipíní agus lastóirí
- ✗ Pannaí sceallóga, friochtán, etc. a fhágáil gan aon duine ina mbun
- ✗ Ag seasamh ró-ghar do thine, do théitheoirí, etc.
- ✗ Fearais leictreacha lochtacha a úsáid
- ✗ Ualach ró-throm a chur ar shoicéid
- ✗ Do ghuthán póca a luchtú ar do leaba

**Ní mór dúinn a chinntiú freisin:**

- ✓ Ár simléir a ghlanadh go rialta
- ✓ Bain úsáid as sciath thine le tinte oscailte
- ✓ Bain úsáid as coinneálaí cuí nuair a bhíonn coinnle ar lasadh
- ✓ Deisigh fearais leictreacha lochtacha nó athraigh iad láithreach
- ✓ Dún gach doras istoíche
- ✓ Déan seiceáil sábháilteachta dóiteáin rialta sula dtéann tú a luí




Bain triail as ár gcluiche Sábháilteachta Dóiteáin i lár an leabhráin seo!

# TARRAING PLEAN ÉALAITHE Ó DO THEACH

De ghnáth, is í an tslí is simplí an bealach amach is fearr.



Fan in aice leis an urlár agus téigh chuig an léibheann cheann staighre nó an halla.

Ba chóir go mbeadh do léibheann cheann staighre, do staighre agus do halla sách glan ó dheatach, go háirithe má dhún tú do dhoirse an oíche roimhe.

Téigh síos an staighre nó feadh an halla go dtí an doras tosaigh (nó an cúldoras nó doras an phaitió más rud é go bhfuil siad níos glaine).

Oscail an doras – ba cheart go mbeifeá in ann an doras a dhíghlasáil gan eochair nó ba cheart go mbeadh a fhios agat cén áit a bhfuil an eochair in aice láimhe.

Téigh chuig do phointe tionóil comhaontaithe.

Cuir daoine ar an eolas. Ba cheart duitse nó do do chomharsa glaoch a chur ar **999/112**.


## FAN AMUIGH!




# CUIR NA FOCAIL LENA mBRÍONNA

- An duine a dhéanann dóiteáin a mhúchadh.
- An duine a dhéanann do shimléar a ghlanadh.
- An chaoi ar féidir le Comhraiceoirí Dóiteáin arda móra a shroicheadh.
- Gléas a shéideann nuair a bhíonn dóiteán ann.
- Constaic i do bhealach amach sábháilte.
- Rud a úsáidtear chun toitíní a mhúchadh.
- Gléas a úsáidtear chun dóiteán a mhúchadh.
- An bealach amach má bhíonn dóiteán ann.
- Áit le bailiú inti má bhíonn éigeandáil ann.
- An chaoi a n-éalóidh tú go sábháilte le linn éigeandála.
- Sciath chun do thine a choinneáil faoi smacht.
- Nuair a bhíonn an t-uafás earraí leictreachais plugáilte isteach.
- Néal liath dainséarach.
- Feithicil a iompraíonn comhraiceoirí dóiteáin agus trealamh chun dul i ngleic le dóiteáin.

- SPRÉACHSCIATH
- ALÁRAM DEATAIGH
- BACAINN
- MÚCHTÓIR
- DEATACH
- BEALACH ÉALAITHE DÓITEÁIN
- COMHRAICEOIR DÓITEÁIN
- INNEALL DÓITEÁIN
- DRÉIMIRE
- POINTE TIONÓIL
- PLEAN ÉALAITHE
- GLANTÓIR SIMLÉAR
- LUAITHREADÁN
- SOICÉAD RÓLUCHTAITHE



Soicéad amháin, plocóid amháin!

# CLUICHE SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN

FireSmartAR




Déanann “FireSmartAR” do scileanna éalaithe a thástáil agus cuireann sé ag smaoineamh thú faoi rioscaí sábháilteachta dóiteáin ar fud do thí trí réaltacht bhreisithe.

## TREORACHA:

**1** Déan an Aip “FireSmartAR” a íoslódáil. Tá sé ar fáil d’úsáideoirí IOS agus d’úsáideoirí Android.

**2** Lean na treoracha ar an Aip agus scan an chéad leathanach eile leis an gceamara ar do ghléas chun tús a chur leis.

**3** Ná déan dearmad léirmheas a thabhairt dúinn agus insint do do chara fúinn.

BÍSÁBHÁILTEÓD HÓITEÁIN@SCOIL

Erasmus+





Déan é a íoslódáil ar an App Store

LE FÁIL AR Google Play



FireSmartAR





Ar fáil ar an App Store

LE FÁIL AR Google Play

## CRUTHAITHE AG

Erasmus+

BÍSÁBHÁILTEÓDH
ÓITEÁIN@SCOIL

Little RED Design Studio

# Treoracha:

1 Déan an Aip “FireSmartAR” a íoslódáil. Tá sé ar fáil d’úsáideoirí IOS agus d’úsáideoirí Android.

2. Lean na treoracha ar an Aip agus scan an leathanach seo leis an gceamara ar do ghléas chun tús a chur leis.

3. Ná déan dearmad léirmheas a thabhairt dúinn agus insint do do chairde fúinn!

## Bain taitneamh as!

# MÁ THÉANN D'ÉADAÍ TRÍ THINE

## STOP...



## TIT...



## AGUS CAS!



# AIMSIGH NA FOCAIL TÁBHACHTACHA



| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N | K | R | H | P | O | O | Y | E | V | J | I | I | V | D | U | C | C | D | E | A | T | A | C | H |
| I | W | M | R | F | W | A | P | P | S | D | G | V | I | Q | D | N | R | U | R | O | U | J | K | K |
| X | R | W | J | U | H | F | S | A | P | U | U | P | A | T | S | T | X | D | Z | I | H | Z | T | H |
| A | S | L | O | N | N | Ú | W | T | R | U | P | F | Y | W | K | I | M | S | G | I | J | I | M | Y |
| L | T | A | L | L | B | R | M | A | É | D | C | H | P | Q | J | P | N | K | E | G | G | N | Z | N |
| U | T | L | G | Z | E | U | W | L | A | R | A | U | Z | W | O | U | Q | K | G | V | A | P | P | G |
| A | G | I | A | K | U | V | Z | Á | C | É | D | J | L | V | A | N | F | C | D | E | D | P | N | F |
| I | E | H | J | D | I | H | V | R | H | I | Q | I | U | P | L | P | D | O | B | M | V | D | M | R |
| T | Q | L | C | M | S | U | I | A | S | M | R | K | G | G | I | L | N | S | D | A | P | L | Ú | U |
| H | X | N | K | M | C | P | B | M | C | I | U | L | J | M | S | E | B | O | Q | K | G | T | C | K |
| R | Z | D | X | V | E | F | N | D | I | R | R | R | M | V | D | A | I | Z | G | P | K | F | H | O |
| E | X | S | K | É | S | T | H | E | A | E | I | A | P | V | T | N | C | Y | T | T | C | F | T | Q |
| A | A | A | M | I | R | P | B | A | T | T | V | U | A | C | L | É | U | Z | V | C | M | I | Ó | U |
| D | H | G | Q | G | Z | K | O | T | H | E | Y | P | T | R | V | A | T | H | O | V | A | Y | I | A |
| Á | D | X | B | E | T | S | I | A | V | E | N | X | U | B | F | L | B | L | V | N | D | O | R | T |
| N | P | I | S | A | T | H | E | I | K | X | F | F | L | D | C | A | A | Q | Y | N | R | Z | W | E |
| J | D | S | D | N | Y | I | S | G | N | N | P | R | H | L | K | I | C | Y | V | H | A | E | R | G |
| O | Y | P | W | D | T | N | V | H | E | O | P | N | L | N | T | T | A | G | J | S | D | Y | R | C |
| W | Q | M | I | Á | K | H | H | I | K | C | I | K | Z | W | L | H | I | E | C | A | Ó | Z | C | M |
| X | Z | O | E | I | V | L | L | A | S | R | A | C | H | A | S | E | N | Z | I | X | I | D | A | K |
| Q | W | B | M | L | I | F | T | W | E | Q | D | C | H | S | A | S | N | H | T | S | T | A | J | G |
| R | M | A | P | C | F | V | K | F | F | X | I | O | T | A | I | C | Z | R | Z | F | E | I | V | Q |
| N | W | O | V | Q | T | R | I | X | K | W | T | S | F | Q | F | Ú | Q | F | I | F | Á | L | L | Z |
| I | Y | L | F | G | J | V | P | J | Q | G | C | C | K | L | Q | R | Y | H | K | P | I | D | F | O |
| E | J | I | E | A | H | S | M | T | I | M | Q | D | N | B | C | Y | Z | C | U | U | N | U | P | R |

| | | | |
|---|---|---|---|
| MÚCHTÓIR | MADRA | LASRACHA | COSC |
| DEATACH | DÓITEÁIN | ALÁRAM | CÚR |
| UISCE | DRÉIMIRE | DEATAIGH | BACAINN |
| ÉIGEANDÁIL | SPRÉACHSCIATH | ASLONNÚ | PLEAN ÉALAITHE |

# ALÁRAIM DEATAIGH




- Bíodh aláram deataigh amháin ar a laghad agat ar gach urlár sa teach.
  - Tástáil é Dé Máirt!
  - Athraigh na ceallraí uair sa bhliain ar a laghad nó nuair a ghíogann sé!
  - Seiceáil an dáta éaga!
- Bain úsáid as do phlean éalaithe má bhuaileann sé.





# AG GLAOCH AR AN MBRIOGÁID DÓITEÁIN

- Glaoigh ar 999 nó 112.
- Iarr ar an tseirbhís dóiteáin.
- Labhair go socair agus go soiléir.
- Tabhair do sheoladh agus d'uimhir fóin dóibh.
- Bíodh d'Éirchód ar eolas agat.
- Ná cuir an guthán síos go dtí go n-insíonn an t-oibritheoir duit é sin a dhéanamh.



# AIMSIGH NA 10 nDIFRÍOCHT






# SEICEÁIL SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN


Is éard atá i gceist le Gnáthsheiceáil Sábháilteachta Dóiteáin ná siúlóid shimplí timpeall do thí sula dtéann tú a chodladh, ag coinneáil súil amach le haghaidh contúirtí soiléire.

Díphlugáil gach fearas leictreach nach bhfuil in úsáid

- ☐ Díphlugáil gach fearas leictreach nach bhfuil in úsáid
- ☐ Múch gach fearas gáis nach bhfuil in úsáid
- ☐ Bí cinnte go múchtar gach coinneal
- ☐ Cuir sciath thine os comhair aon tinteán
- ☐ Cinntigh go bhfuil na bealaí éalaithe go léir saor ó bhacainní
- ☐ Dún na doirse go léir chun leathadh dóiteáin agus deataigh a laghdú



# CROSFHOCAL




## COTHROMÁNACH (TRASNA)

2. Beidh sé i bhfad níos éasca éalú ó dhóiteán má tá _____ ______ pleanáilte cheana féin agat. (7,8)
5. Má tá tine oscailte agat, mar shampla tinteán, úsáid __________ i gcónaí. (13)
6. Déan d'_____ _____ a thástáil gach seachtain! (6,8)
8. Úsáideann comhraiceoirí dóiteáin an rud seo chun dreapadh. (8)
11. I gcás éigeandála, ná téigh sa _______. (4)
13. Ní mór do gach comhraiceoir dóiteáin ________ dheacair a chríochnú. (8)
15. Déanann sé rím le trosc. (4)
16. Na laochra a thiomáineann inneall dóiteáin? (13,8)
17. Déan cinnte nach bhfuil __________ ann a d'fhéadfadh cur isteach ar do bhealach éalaithe. (8)
18. Buidéal mór dearg lán le cúr nó le huisce a úsáidtear chun dul i ngleic le dóiteán. (8)

## CEARTINGEARACH (SÍOS)


1. Bain úsáid as ______ ______ ______ chun an foirgneamh a fhágáil. (7,8,8)
3. Feithicil mhór dhearg a bhíonn lán le comhraiceoirí dóiteáin. (7,8)
4. Coinlíní reo nó gal i bhfoirm leachta? (5)
7. Ár sonóg! bhuf, bhuf! (5,8)
9. Áit shábháilte (ionad cruinnithe) lasmuigh de dotheach. (6,7)
10. An mhalairt de bhaol. (13)
12. Seo an chuid the den dóiteán. (6)
14. Cabhraíonn sé leat éalú ó theach i gcás éigeandála. (5)

# TRÁTH NA GCEIST!

1. Cé chomh minic is cóir duit d'aláram deataigh a thástáil?
2. Cá háit ar cheart d'aláram deataigh a fheistiú?
3. Cathain is féidir leat coinnle a fhágáil gan aon duine ina mbun?
4. Cad ba chóir duit a mhúchadh sula dtéann tú a chodladh?
5. Cad ba chóir duit a dhúnadh sula dtéann tú a chodladh?
6. Cad ba chóir a fholmhú sula dtéann tú a chodladh, tar éis duit a chinntiú go bhfuil gach rud atá istigh ann fionnuar?
7. Cé mhéad plocóidí ar cheart a chur isteach i soicéad amháin?
8. Cén fáth ar chóir duit do chuid hallaí a choinneáil slachtmhar?
9. Conas a dhéanann tú aláram deataigh a thástáil?
10. Cá háit ar cheart duit spréachsciath a chur?
11. Cén fáth nár chóir duit a bheith ag útamáil le cipíní agus lastóirí choíche?
12. Cén fáth go bhfuil an oiread tábhachta ag baint le plean éalaithe?
13. Cé mhéad duine i do theach ar cheart an plean éalaithe a bheith ar eolas acu?
14. Má tá dóiteán ann, cé ar cheart duit glaoch air?
15. Cathain ar cheart duit dul ar ais i dteach atá trí thine?
16. Ar chóir duit uisce a chaitheamh ar dhóiteán leictreach?
17. Cá bhfuil an áit is lú deataigh le linn dóiteáin?
18. Cén fáth a bhfuil sé níos fearr gan scáthán a chur os cionn an teallaigh má úsáideann tú tine oscailte?
19. Cén fáth nár cheart duit earraí leictreacha a luchtú thar oíche?



# AM DATHAITHE!



# FREAGRAÍ




## AIMSIGH AN DIFRÍOCHT

1. Scriú in easnamh ar chéim íochtair an dréimire.
2. Bonnán- scáthú buí.
3. Solas oráiste breise os cionn an ghaothscátha.
4. Bumpar dearg - cuid lonrach.
5. Lochán uisce.
6. Roth glas.
7. Sciath ghruaige sa bhreis ar an gcomhraiceoir dóiteáin sa chúinne íochtair ar dheis.
8. Lógó S N B D É ar iarraidh ar an doras.
9. Dath dheais an Innill Dóiteáin.
10. Béal oscailte ag an gcomhraiceoir dóiteáin sa chúinne íochtair ar chlé.

## CROSFHOCAL

1. Bealach Éalaithe Dóiteáin
2. Cosc
3. Uisce
4. Bealach Éalaithe
5. Pointe Tionóil
6. Dréimire
7. Bacainní
8. Múchtóir
9. Aláram Deataigh
10. Comhraiceoirí Dóiteáin
11. Spréachsciath
12. Plean
13. Lasair
14. Oiliúint
15. Inneall Dóiteáin
16. Sábháilteacht
17. Baol
18. Madra Dóiteáin

## TRÁTH NA gCEIST FOIRNE SÁBHÁILTEACHTA

1. Gach seachtain.
2. I do halla nó hallaí an léibhinn cheann staighre.
3. Ní féidir choíche.
4. Ní dheartar gach gléas leictreach sa chaoi is gur féidir leo bheith ar siúl i rith an ama.
5. Doirse.
6. Luaithreadáin.
7. Díreach ceann amháin.
8. Ionas go mbeidh bealach saor ó chonstaicí agat, ar eagla go dtarlaíonn aon rud.
9. Brúigh an cnaipe – má tá sé ag obair, cloisfear bíp.
10. Os comhair tine oscailte.
11. D'fhéadfá tú féin a dhó nó dóiteán a thosú.
12. Cabhróidh sé leat éalú ó dhóiteán nuair a bhíonn sé deacair a fheiceáil mar gheall ar an deatach.
13. Gach duine aibí go leor chun é a thuiscint.
14. Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála.
15. Cúis ar bith. Ná téigh ar ais isteach i dteach atá trí thine riamh.
16. Níor chóir. Seolann uisce leictreachas.
17. In aice leis an urlár.
18. Spreagann sé daoine chun seasamh róghar don tine.
19. Bheadh sé ina ghuais dóiteáin.

# NÁ TABHAIR SEANS AR BITH DO DHÓITEÁN CHOÍCHE!

FREAGRA ▸ ATHSHLÁNÚ ▸ BAOL ▸ MAOLÚ ▸ PLEANÁIL ▸

SNBDÉ




www.fireireland.ie

@FireSafetyIre

Fire Safety Ireland

Fire Safety Ireland

Teileafón: +353 1 888 2000
Ríomhphost: firesafety@housing.gov.ie

Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath, D01 W6X0



sábháilteacht dóiteáin
Bí ar d'aire

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland